# Comhairliúchán poiblí ar Dhréacht-Uastáillí Náisiúnta Tacsaithe

Tá sé beartaithe ag an Údarás Náisiúnta Iompair (an "tÚdarás") ordú uastáillí a dhéanamh faoi fhorálacha na nAchtanna um Rialáil Tacsaithe 2013 agus 2016.

## DRÉACHT-UASTÁILLÍ NÁISIÚNTA TACSAITHE

De bhun alt 24 de na hAchtanna um Rialáil Tacsaithe 2013 agus 2016, tá sé beartaithe ag an Údarás ordú uastáillí nua a dhéanamh a thiocfaidh in ionad an ordaithe reatha uastáillí, ina sonrófar an uastáille a fhéadfaidh tiománaí tacsaí a ghearradh.

Is féidir sonraí maidir leis an Athbhreithniúchán Uastáillí Náisiúnta Tacsaithe agus an Bhileog Eolais, i dteannta leis an ordú uastáillí beartaithe a íoslódáil ó shuíomh gréasáin an Údaráis ag www.nationaltransport.ie

Is féidir iarratais scríofa maidir leis an ordú uastáillí beartaithe a dhéanamh ar cheann de na 3 slí seo a leanas:

**1. Ar líne** sa chuid de www.nationaltransport.ie a bhaineann le comhairliúcháin
**2. Ríomhphost** MaxFareReview2019@nationaltransport.ie nó
**3. Post** Athbhreithniúchán Uastáillí 2019, Údarás Náisiúnta Iompair, Bosca Poist 436, Páirc Ghnó Thuaisceart na Cathrach, Bóthar Thuama, Gaillimh

Ní mór ábhar na haighneachta, ainm iomlán agus seoladh iomlán an té atá ag déanamh na haighneachta agus, más ábhartha, ainm na heagraíochta nó an chomhlachta atáthar ag déanamh ionadaíocht thar a ceann/cheann a bheith san áireamh i ngach aighneacht. Tá an tÚdarás faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014, agus dá bhrí sin, ní mór gach iarraidh ar fhaisnéis a dhéantar faoin Acht sin a bhreithniú. D'fhéadfaí aighneacht ar bith a fhaightear a fhoilsiú.

**12.00 meán lae, Dé Máirt, 29 Deireadh Fómhair 2019 an dáta deiridh a nglacfar le haighneachtaí.**

# Public Consultation on Draft National Maximum Taxi Fares

The National Transport Authority (the "Authority") proposes to make a maximum fares order under the provisions of the Taxi Regulation Acts 2013 and 2016.

## DRAFT NATIONAL MAXIMUM TAXI FARES

Pursuant to section 24 of the Taxi Regulation Acts 2013 and 2016, the Authority proposes to make a new maximum fares order, to replace the current maximum fares order, detailing the maximum fare that may be charged by a driver of a taxi.

Detail of the National Maximum Taxi Fare Review and Fact Sheet, together with the proposed maximum fares order, can be downloaded from the Authority's website at www.nationaltransport.ie

Written submissions in relation to the proposed maximum fares order may be made in one of the three following ways:

**1. Online** Consultations section of www.nationaltransport.ie
**2. Email** MaxFareReview2019@nationaltransport.ie or
**3. Post** Maximum Fares Review 2019, National Transport Authority, PO Box 436, City North Business Park, Tuam Road, Galway

All submissions must include the subject of the submission, the full name and address of the person making the submission and where relevant the name of the body or organisation represented. The Authority is subject to the provisions of the Freedom of Information Act 2014 and, therefore, must consider any request for information made under that Act. Any submissions received may be published.

**Closing date for receipt of submissions is 12:00 noon on Tuesday 29 October 2019.**